# Comhairle Chathrach Bhéal Feirste


**Eochairfhocail: comhairleoir, vótáil, sábháilteacht, comhairle chathrach, ceantar dílseach**

**Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt**

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**


1.Cad a tharlóidh mar gheall ar an vótáil a caitheadh i gComhairle Chathrach Bhéal Feirste an tseachtain seo?
2.Cé mhéad comhairleoir a vótáil i gcoinne an athraithe?
3.Cén seanfhocal a luann Pól Deeds agus é faoi agallamh?
4.An bhfuil borradh faoi phobal na Gaeilge i mBéal Feirste le cúpla bliain anuas, dar le Pól?
5.Cad a tharla do Mháirtín Ó Muilleoir beagnach daichead bliain ó shin?
6.Breac síos dhá rud a deir Máirtín Ó Muilleoir a léiríonn go bhfuil sé dóchasach faoin todhchaí.
7.Cén grúpa daoine a bhfuil an DUP buartha faoina sábháilteacht?
8.Cén sampla a luann an Dr Ian Malcolm a thacaíonn le imní an DUP?
9.Cé mhéad Euro atá geallta sa dá bhliain amach romhainn chun an polasaí a chur i bhfeidhm?
10. Ag obair le do phairtí ranga, breacaigí síos 8 n-áit éagsúla a bhfeiceann sibh comharthaíocht as Gaeilge in bhur saol laethúil ó dheas den teorainn.

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Logainmneacha



Feictear na focail seo a leanas go minic i logainmneacha na hÉireann. Ag obair le do pháirtí ranga lionaigí isteach an ghreille thíos. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| **eochairfhocal** | **logainm** | **contae** |
|---|---|---|
| cluain | Cluain Dolcáin | Baile Átha Cliath |
| rath | | |
| dún | | |
| inis | | |
| baile | | |
| carraig | | |
| cloch | | |
| lios | | |
| béal | | |
| áth | | |
| domhnach | | |
| mullach | | |
| ceann | | |
| gaoth | | |
| cill | | |
| teach | | |
| loch | | |
| droichead | | |
| ros | | |
| cnoc | | |



# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Iarrann an múinteoir ort logainm do cheantair féin a fhiosrú. Fiosraigh sanasaíocht nó bunbhrí an logainm agus ansin breac síos deich bpointe urchair faoi do cheantar féin. Is leor 100 focal don ghníomhaíocht seo.

# Freagraí:

1. Beidh an Ghaeilge i bhfad níos feiceálaí amach anseo
2.17
3. Más maith is mithid
4. Tá. (Tá pobal na Gaeilge i ndiaidh fás as cuimse)
5.Caitheadh amach as halla na cathrach é as Gaeilge a labhairt
6. Tá an Ghaeilge á cur chun cinn, tá Béal Feirste ag athrú, tá an saol ag athrú, tá Béal Feirste ag dul chun cinn, tá áit ann don uile dhuine, tá an Ghaeilge á labhairt, tá an Ghaeilge á cur chun tosaigh is ar aile
7. Oibrithe
8. Oibrithe ag dul isteach go ceantair dílseacha agus mana na Comhairle scríofa ar a gcuid feithiclí as Gaeilge
9. 1.9 milliún



Foghlaim TG4



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta